Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

P9_TA(2022)0306

Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2022: barrachas ón mbliain airgeadais 2021 a iontráil

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2022 ar an seasamh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2022 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 – Barrachas ón mbliain airgeadais 2020 a iontráil (11467/2022 – C9-0297/2022 – 2022/0119(BUD))

(2023/C 125/18)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a glacadh go cinntitheach é an 24 Samhain 2021 ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([3]) ("Rialachán CAI"),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([4]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([5]),

— ag féachaint do dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2022, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 12 Aibreán 2022 (COM(2022)0250),

— ag féachaint don seasamh ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2022 a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 18 Iúil 2022 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an 16 Lúnasa 2022 (11467/2022 – C9-0297/2022),

— ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0226/2022),

A. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2022 an barrachas ón mbliain airgeadais 2021 a iontráil i mbuiséad 2022, arb ionann a mhéid agus EUR 3 227,1 milliún;

B. de bhrí gurb iad na príomh-chomhpháirteanna den bharrachais sin ná toradh dearfach ar ioncaim EUR 2 574,8 milliún agus tearc-chaitheamh i gcaiteachas arb ionann é agus EUR 652,3 milliún;

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([5]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

C. de bhrí, ar thaobh an ioncaim, go bhfuil an barrachas á thiomáint den chuid is mó ag méid dleachtanna custaim atá níos airde ná mar a bhíothas ag súil (EUR 1 688,7 milliún) agus méid ioncaim airgeadais, úis mhainneachtana agus fíneálacha atá níos airde ná mar a réamh-mheasadh (EUR 1 110,8 milliún níos airde) a cuireadh ar fáil do bhuiséad an Aontais le linn mhíonna deireanacha na bliana;

D. de bhrí, ó thaobh caiteachais de, go sroicheann cur chun feidhme easnamhach na n-íocaíochtaí ag an gCoimisiún EUR 81 mhilliún do 2021 agus EUR 250 milliún do mhéideanna arna dtabhairt anonn in 2020 (a bhfuil baint ag EUR 183 milliún den mhéid sin leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála), agus go sroicheann cur chun feidhme easnamhach ag na hinstitiúidí eile EUR 117 milliún le haghaidh 2021 agus EUR 77 milliún le haghaidh méideanna arna dtabhairt anonn;

1. ag tabhairt dá haire dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2022 mar a thíolaic an Coimisiún é, atá dírithe ina iomláine ar bhuiséadú an bharrachais ó 2021, le haghaidh mhéid EUR 3 227,1 milliún, i gcomhréir le hAirteagal 18(3) den Rialachán Airgeadais; ag tabhairt dá haire go raibh barrachas an-ard, arb ionann é agus EUR 3 227,1 milliún, ann in 2021; á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, go gcloífidh an Coimisiún le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus an buiséad á chur chun feidhme aige i gcomhréir le hAirteagal 317 CFAE agus Airteagal 33 den Rialachán Airgeadais;

2. á chur in iúl gur oth léi, maidir le EUR 183 mhilliún a bhí beartaithe chun vacsaíní COVID-19 a cheannach in 2021, nár caitheadh é mar a bhí beartaithe ag an gCoimisiún nó nár atreoraíodh chuig riachtanais eile iad;

3. ag athdhearbhú a seasaimh gur cheart ionstraimí buiséadacha uile an Aontais atá ar fáil, lena n-áirítear an barrachas, a ghníomhachtú chun leanúint den tacaíocht eacnamaíoch agus airgeadais is láidre is féidir a chur ar fáil don Úcráin agus do thíortha túslíne, agus chun cumas dlúthpháirtíochta an Aontais a neartú tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sóisialta, fuinnimh, talmhaíochta agus eacnamaíocha atá ag cogadh na Rúise san Úcráin ar an Aontas agus ar a shaoránaigh; ag tabhairt rabhadh go n-éileofar leis na riachtanais phráinneacha sin tacaíocht bhreise ó bhuiséad an Aontais agus go bhfuil sí réidh chun tacú le méaduithe ábhartha i mbuiséad 2022 an Aontais trí bhuiséid leasaitheacha amach anseo agus á iarraidh ar an gCoimisiún buiséid leasaitheacha a chur chun cinn, i gcás inarb ábhartha, lena slógtar airgead nua chun freagairt ar na dúshláin sin; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, ar na Ballstáit na laghduithe suntasacha a bhfuiltear ag súil leo ina ranníocaíochtaí OIN-bhunaithe agus a eascraíonn as an mbarrachas 2021 a chur i leataobh do bhuiséadú gníomhaíochtaí a bhaineann le dul i ngleic le hiarmhairtí uafásacha na cogaíochta in aghaidh na hÚcráine atá neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar;

4. ag tabhairt dá haire, dar leis an gCoimisiún, gurbh ionann fíneálacha iomaíochta in 2021 agus EUR 957 milliún; á mheas, i dteannta aon bharrachas a eascraíonn as cur chun feidhme easnamhach, gur cheart a chur ar chumas bhuiséad an Aontais aon ioncam atá mar thoradh ar fhíneálacha nó atá nasctha le híocaíochtaí déanacha a athúsáid gan laghdú comhfhreagrach ar ranníocaíochtaí OIN;

5. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2/2022;

6. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil Buiséad Leasaitheach Uimh. 3/2022 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

7. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na hinstitiúidí agus na comhlachtaí eile lena mbaineann agus chuig na parlaimintí náisiúnta.